Turais Scoile — Na Rialacháin agus na Ceanglais a Chomhlíonadh

Tagann an treoirlíne seo in ionad threoirlíne P06-2024/2025-Turais Scoile — Rialacháin agus Riachtanais a Chomhlíonadh. Níl aon athrú tagtha ar na cleachtais a mholtar sa treoirlíne seo.

1. Réamhrá

Is é is cuspóir na treoirlíne seo an cleachtas is fearr maidir le gnéithe airgeadais de thurais scoile a mheabhrú do scoileanna. Ní mór don bhord bainistíochta a chinntiú go gcloítear leis na riachtanais go léir atá leagtha amach sa treoirlíne seo. Baineann an treoirlíne le turais ar oileán na hÉireann agus lasmuigh d'oileán na hÉireann.

2. Nósanna Imeachta agus Rialuithe Airgeadais le haghaidh Turais Scoile

2.1 Ráiteas Beartais ar Thurais Scoile

Ba cheart don bhord bainistíochta a chinntiú go n-ullmhaítear ráiteas beartais soiléir ar thurais scoile chun treoir a thabhairt don fhoireann, do scoláirí agus do thuismitheoirí.

2.2 An Próiseas Ceadaithe

Caithfear cead a fháil ón mbord bainistíochta do gach turas agus aistear scoile sula ndéanfar aon socruithe.

2.3 Nithe le Cur sa Mheá ag an mBord

Ba cheart don bhord bainistíochta, don Phríomhoide agus do na baill foirne machnamh go cúramach ar na nithe seo a leanas sula gceadófar turas:

- Na socruithe soláthair foirne don turas agus don scoil i rith an turais.
- Na rialuithe airgeadais agus an gá atá le freagracht.
- Ceanglais dhlíthiúla do thurais lasmuigh den Stát (más bainteach).

2.4 Fógra a thabhairt don Bhord

Ba cheart an bord bainistíochta a chur ar an eolas ar thurais scoile atá ar na bacáin sula ndéanfar cumarsáid le scoláirí agus le tuismitheoirí.

2.5 Critéir Turais

Ba cheart don bhord bainistíochta na nithe a leanas a chinntiú sula ndéanfar turas a údarú:

- Ba cheart costas iomlán an turais a chur in iúl do na tuismitheoirí chomh luath agus is féidir.
- Ní mór clúdach dóthanach árachais a bheith i bhfeidhm.
- Ní mór cead i scríbhinn a fháil ó thuismitheoirí gach scoláire a ghlacfaidh páirt sa turas.
- Ní foláir socruithe a dhéanamh do scoláirí nach mbeidh ag glacadh páirte sa turas agus do ranganna aon mhúinteoirí a bheidh as láthair.

2.6 Foirm Údaraithe Turais

Moltar go líontar an fhoirm údaraithe turais do gach turas. Cliceáil anseo le haghaidh foirm theimpléid.

2.7 Riachtanais Áirithinte do Thurais Eachtracha

Ní mór gach turas eachtrach (i.e. iad sin lasmuigh d'oileán na hÉireann) a chur in áirithe trí ghníomhaire taistil nó trí thionscnóir turas ceadúnaithe faoi bhanna i gcomhréir le rialacháin an Údaráis Eitlíochta. Ní mór ceanglais na treoirlíne a áireamh sa chomhaontú leis an tionscnóir turas. Cé nach molaimid cuideachtaí turais ar leith, tá cead ag scoileanna aon cheann de na tionscnóirí turas faoi bhanna a roghnú ón liosta a cheadaítear ar www.aviationreg.ie.

2.8 Íocaíochtaí a Láimhseáil do Thurais Eachtracha

Ní mór an t-airgead le haghaidh taistil agus cóiríochta do thurais lasmuigh d'oileán na hÉireann a íoc go díreach leis an gcomhlacht turais scoile, seachas leis an scoil. Is féidir costais ghaolmhara eile a phróiseáil trí phríomhchuntas bainc na scoile. Mura féidir íocaíochtaí díreacha a dhéanamh leis an tionscnóir turas, is féidir le scoileanna seiceanna a bhailiú atá iníoctha leis an tionscnóir turas faoi bhanna agus iad a thabhairt don tionscnóir dá réir sin. Caithfear na seiceanna seo a stóráil go slán i dtaisceadán na scoile go dtí go n-íoctar iad, agus caithfidh siad a bheith iníoctha leis an tionscnóir turas faoi bhanna, seachas leis an scoil.

2.9 Comhoibriú le Tionscnóirí Turas

Molaimid do scoileanna oibriú go dlúth leis na tionscnóirí turas chun nósanna imeachta a bhunú lena chinntiú go gcoinníonn an scoil smacht iomlán ar an turas.

<u>Baineann an méid thíos le turais/haistir scoile ar oileán na hÉireann agus lasmuigh d'oileán na hÉireann (más bainteach).</u>

2.10 Riarachán Airgeadais

Ba cheart go mbeadh ar a laghad beirt mhúinteoirí freagrach as riarachán airgeadais turas scoile le trédhearcacht agus le cosaint na bpáirtithe uile a chinntiú.

2.11 Cuntasaíocht agus Doiciméid

Ba cheart taifead a choinneáil ar gach idirbheart airgeadais a bhaineann leis an turas i gcuntais na scoile, agus na cóid shonracha a bhaineann le turais á n-úsáid. Caithfear sonraisc agus admhálacha a choinneáil.

2.12 Féinmhaoiniú

Ní mór gach easnamh nó iasacht chun tacú le turas scoile a sheachaint ar ais nó ar éigean. Ba cheart do gach turas a bheith féinmhaoinitheach agus níor cheart dó an scoil a fhágáil faoi dhliteanas.

2.13 Réiteach agus Tuairisciú Cuntas Rialta

Ba cheart na cuntais agus na taifid don turas a réiteach go rialta, agus ba cheart tuairiscí maidir leis sin a chur faoi bhráid an Phríomhoide. Ba cheart tuarascáil airgeadais ar an turas a chur faoi bhráid an bhoird bainistíocha ar a laghad dhá uair gach scoilbhliain, chomh maith le tuarascáil deiridh a luaithe a bheidh gach idirbheart airgeadais a bhaineann leis an turas curtha i gcrích. Ba cheart an tuarascáil airgeadais deiridh ar an turas a dhéanamh ina cuid de chuntais bhliantúla na scoile.

2.14 Tuairisc Achomair

Ba cheart do na múinteoirí a d'eagraigh an turas tuairisc achomair a ullmhú don Phríomhoide ar fhilleadh ón turas. Ba cheart an tuairisc sin a chur faoi bhráid an bhoird bainistíocha. Ba chóir go gcuimseofaí sa tuairisc sin:

- Dáta an turais
- Líon na scoláirí a bhí páirteach
- Líon na ndaoine fásta (múinteoirí/daoine nach múinteoirí) a chuaigh in éineacht leis na scoláirí
- Achoimre airgeadais
- Aon saincheisteanna a tháinig aníos

2.15 Admhálacha a eisiúint

Ní mór admhálacha a eisiúint i ndáil le gach airgead a bhailítear.

2.16 Airgead a Láimhseáil agus a Chur i dTaisce

Ba chóir an t-airgead go léir a bhailítear a chur i dtaisce gan mhoill i bpríomhchuntas bainc na scoile. Ba cheart cistí atá á gcoimeád ar feadh breis agus mí a aistriú go cuntas taisce scoile.

2.17 Airgead a Réamhíoc

Má réamhíoctar airgead le múinteoir do chostais turais, caithfidh buiséad miondealaithe a bheith i bhfeidhm. I gcás suimeanna móra, is féidir cárta réamhíoctha a úsáid nó is féidir airgead a aistriú chuig cuntas an mhúinteora chun nach gcaillfear an t-airgead.

Nuair a bhíonn an turas thart, ba cheart na fáltais iomlána i leith na gcostas go léir a thabhaítear a chur faoi bhráid na scoile, mar aon le hachoimre. Ba cheart aon iarmhéid nár caitheadh a chur ar ais chuig an scoil. Féach thíos chun teacht ar riachtanais tuairiscithe leis na Coimisinéirí Ioncaim faoi Riachtanais Bhreise Tuairiscithe (ERR) le haghaidh réamhíocaíochtaí.

3. An córas Riachtanais Bhreise Tuairiscithe (ERR)

Tá ar scoileanna, ón 1 Eanáir 2024, costais agus sochair áirithe a thuairisciú a íocadh le fostaithe agus le baill den bhord bainistíochta tríd an gcóras Riachtanais Bhreise Tuairiscithe (ERR) ar chóras Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS).

Mar fhostaithe an bhoird bainistíochta, caithfear aon aisíocaíochtaí le haghaidh taistil agus cothú a íoctar leis an bPríomhoide scoile, le múinteoirí agus le cúntóirí riachtanas speisialta (SNAanna) a thuairisciú leis na Coimisinéirí Ioncaim trí ERR. Ní gá ach aisíocaíochtaí a dhéantar go díreach le fostaithe a thuairisciú faoin gcóras seo.

Nithe Nach Gá a Thuairisciú:

- Costais taistil agus chothaithe a íocann an scoil go díreach, e.g. nuair a íocann an scoil as daoine chun fanacht in óstán nó má cheannaítear ticéid traenach ar chárta creidmheasa na scoile, ní gá sin a thuairisciú.
- Ní gá aisíocaíocht le múinteoir as bia a ceannaíodh do scoláirí, e.g. costais lóin i rith turais, a thuairisciú faoi ERR.

Nithe Is Gá a Thuairisciú:

- Is gá aisíocaíocht a thuairisciú a dhéantar le múinteoir as a gcostais féin taistil agus chothaithe, e.g. as lón dóibh féin i rith turais.

Réamhíocaíocht:

- Tá réamhíocaíocht faoi réir tuairisciú ERR ag tráth na híocaíochta. Ansin, nuair a thabhaítear an costas agus nuair a sheol an múinteoir/fostaí na hadmhálacha ar aghaidh tar éis an turais, beidh ar an scoil a n-aighneacht ERR leis na Coimisinéirí

Ioncaim a nuashonrú le suim féin chostas taistil agus cothaithe an mhúinteora/fhostaí sin amháin a chur san áireamh

Cliceáil anseo le tuilleadh eolais a fháil ar ERR.

4. Tuilleadh eolais nó soiléiriú

Is féidir tuilleadh eolais nó soiléiriú a fháil ar aon cheann de na saincheisteanna sa treoirlíne seo ach dul i dteagmháil le FSSU.

Financial Support Services Unit
Guthán: 01-9104020
primary@fssu.ie

An 29 Meán Fómhair 2025